CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 245/2020

an 30 Nollaig 2020

maidir le teacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 112/2020 ó Chomhchoiste LEE an 14 Iúil 2020 [2023/2047]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Treoir (AE) 2018/410 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE chun laghduithe costéifeachtacha astaíochtaí agus infheistíochtaí ísealcharbóin a fheabhsú, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 ([1]), ionchorpraíodh é i gComhaontú LEE le Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 112/2020 an 14 Iúil 2020 ([2]).

(2) Ba cheart an Cinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 112/2020 an 14 Iúil 2020 a theacht i bhfeidhm an 1 Feabhra 2021,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In ainneoin Airteagal 3 de Chinneadh ó Chomhchoiste LEE Uimh. 112/2020 an 14 Iúil 2020, tiocfaidh an Cinneadh sin i bhfeidhm an 1 Feabhra 2021.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 30 Nollaig 2020, nó ar an lá tar éis an fhógra dheireanaigh faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE *, cibé acu is déanaí.

Airteagal 3

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 30 Nollaig 2020.

Thar ceann Chomhchoiste LEE
An tUachtarán
Sabine MONAUNI

([1]) IO L 76, 19.3.2018, lch. 3.
([2]) IO L 172, 6.7.2023, lch. 33.
* Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.